



Foras na Gaeilge

**Oifigeach Feidhmiúcháin**

### **EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is iad Foras na Gaeilge (an ghníomhaireacht teanga) agus Tha Boord o Ulstèr-Scotch (Bord Albainis Uladh) an dá chuid den Fhoras Teanga, an comhlacht teanga Thuaidh/Theas, ceann de na comhlachtaí forfheidhmithe a bunaíodh faoi théarmaí Chomhaontú Bhéal Feirste. Is iad seo a leanas na feidhmeanna reachtúla a sannadh d'Fhoras na Gaeilge:

- An Ghaeilge a chur chun cinn;
- Úsáid na Gaeilge labhartha agus scríofa a éascú agus a spreagadh, sa saol poiblí agus sa saol príobháideach sa Deisceart agus, i gcomhthéacs Chuid III den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, sa Tuaisceart áit ar bith a bhfuil ráchairt uirthi;
- Comhairle a thabhairt don dá rialtas, do chomhlachtaí poiblí agus do ghrúpaí eile san earnáil phríobháideach agus san earnáil dheonach;
- Tabhairt faoi thionscadail tacaíochta, agus deontais i gcabhair a thabhairt do chomhlachtaí agus do ghrúpaí de réir mar a mheastar gá a bheith leo;
- Tabhairt faoi thaighde, faoi fheachtais leis an Ghaeilge a chur chun cinn, agus tabhairt faoi chaidreamh poiblí agus chaidreamh leis na meáin chumarsáide;
- Téarmaíocht agus foclóirí a shaothrú;
- Tacaíocht a thabhairt don Ghaelscolaíocht agus do theagasc na Gaeilge.

Tá 16 bhall ar Bhord Fhoras na Gaeilge, 8 ón Deisceart agus 8 ón Tuaisceart agus, i gcuideachta Bhord Albainis Uladh, is é Bord an Fhorais Teanga Thuaidh/Theas é.

Tá Foras na Gaeilge freagrach don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT), agus go háirithe don Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus don Aire Pobal. Tuigeann Foras na Gaeilge, mar chuid den Fhoras Teanga Thuaidh/Theas, go gcaithfidh a chuid cuspóirí agus straitéisí bheith ag cur le polasaí ginearálta an dá rialtas agus cinnteoidh sé, mar sin, go mbeidh cumarsáid éifeachtach ann leis an dá Roinn chuí, Rúnaíocht na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas, an Roinn Airgeadais agus an Roinn Airgeadais agus Pearsanra. Chomh maith leis sin, cinnteoidh Foras na Gaeilge go bhfuil sé ag cur le ceanglais an Mheamraim Airgeadais agus le hiomlán na gceanglas reachtúil cuí eile sa dá dhlínse.



Foras na Gaeilge

Oifigeach Feidhmiúcháin

### Láthair

Beidh an post seo lonnaithe in oifigí Fhoras na Gaeilge, Gaoth Dobhair agus beidh ar an té a cheapfar dualgais an phoist a chomhlíonadh le linn uaireanta oibre ón Luan go dtí an Aoine ón oifig seo.

### Sochair

Baineann téarmaí agus coinníollacha an phoist seo le ceapachán mar Oifigeach Feidhmiúcháin le Foras na Gaeilge.

Tuarastal: Is é an tuarastal don phost seo ná €28,213 - €47,553 (*pro rata*).

- Tréimhse an Chonartha: Post sealadach chun sos gairme a chlúdach atá i gceist go dtí deireadh 31 Eanáir 2021;
- Uaireanta Oibre: Post lánaimseartha atá ann agus caithfear bheith i láthair 42 uair (i seachtain de chúig lá). Ceadáítear uair an chloig don lón;
- Beidh tréimhse phromhaidh i gceist leis an phost seo;
- Saoire Bhliantúil: 23 lá (*pro rata*) agus laethanta saoire poiblí;
- Pá Breoiteachta: Suas le 3 mhí ar phá iomlán agus 3 mhí ar leathphá ach gan níos mó ná 6 mhí de phá breoiteachta i dtréimhse 4 bliana ar bith (*pro rata*);
- Pinsean: Mar atá ceadaithe ag an CATT;
- Saoire Mháithreachais: de réir na dteidlíochtaí atá i bhfeidhm ag an am;
- Saoire Atharthachta: de réir na dteidlíochtaí atá i bhfeidhm ag an am;
- Saoire Uchtála: de réir na dteidlíochtaí atá i bhfeidhm ag an am;
- Saoire Thuismitheoirí: de réir na dteidlíochtaí atá i bhfeidhm ag an am;
- Fógra faoi Éirí as Post: 5 seachtaine ar a laghad: 13 seachtaine ar a mhéad;
- Scor de thairbhe Sláinte: Mar a cheadóidh an CATT;
- Cód Iompraíochta: Mar atá faofa ag an CATT;



Foras na Gaeilge

**Oifigeach Feidhmiúcháin**

**Ginearálta**

Tá na hoifigigh faoi cheangal ag:

1. **Na Cumhachtaí Reachtúla, na dualgais agus na hoibleagáidí** mar atá leagtha síos in I.R. Uimh.859 1999 Tuaisceart Éireann “North/South Co-Operation (Implementation Bodies) Northern Ireland) Order 1999” agus Airt.1 de “The British-Irish Agreement Act 1999.”
2. **An Meamram Airgeadais** a cheadaigh an Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus an Roinn Airgeadais, rud a leagann amach na nósanna imeachta airgeadais agus na socruithe cuntasáíochta don Fhoras Teanga Thuaidh/Theas.



**SAINCHUNTAS POIST**

**Teideal an Phoist:** Oifigeach Feidhmiúcháin

**Freagrach do:** An t-Ardoifigeach Feidhmiúcháin (nó a iontamhail)

**Próifil an Phoist:** Agus é/í ag obair as Oifig Ghaoth Dobhair, beidh an té a cheapfar freagrach as cláir Ghaeilge / Gàidhlig a bheidh dírithe ar an cheangal idir na pobail teanga in Éirinn agus Alban a fhorbairt mar chuid de thionscadal Cholmcille agus a chur i bhfeidhm agus as a bheith ag obair i ndlúthchomhar le baill foirne eile ar thionscadaí éagsúla eile a bhaineann le cur i gcrích mhisean-ráiteas Fhoras na Gaeilge.

**Príomchúraimí**

Cúraimí Straitéiseacha:

- Feidhmeanna a bhaineann le cúrsaí Cholmcille a fhorbairt agus a chur i gcrích agus a bheith ag obair i ndlúthchomhar le baill foirne eile ar thionscadaí ar dhóigh atá ag teacht le spriocanna agus aidhmeanna Cholmcille agus Fhoras na Gaeilge.
- Forbairt agus monatóireacht a dhéanamh ar spriocanna cuí de réir mar a aontófar leis an Ardoifigeach Feidhmiúcháin.

Cúraimí Oibríochtúla

- Cuidiú leis an Ardoifigeach Feidhmiúcháin chun feidhm Cholmcille a riar.
- Riar a dhéanamh ar scéimeanna maoinithe.
- Comhairle a sholáthar do ghrúpaí maidir le cur chun cinn aidhmeanna Cholmcille agus Fhoras na Gaeilge.
- Comhdú agus páipéarachas a choinneáil cothrom le dáta idir chóip chrua agus leictreonach.
- Tionscadaí a bhaineann le Colmcille agus Fhoras na Gaeilge a mheas, a bhainistiú agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh orthu.
- Teagmháil agus comhoibriú leis na páirtithe leasmhara.
- Socruithe maidir le cruinnithe, seimineáir agus taisteal a eagrú.
- Modhanna imeachta éifeachtacha a úsáid chun dualgais dhlite a chur i gcrích.



Cúraimí Airgeadais

- Tuairisciú don Ardoifigeach Feidhmiúcháin maidir le feidhmíocht airgeadais agus ar chaiteachas deontas.

Cúraimí Pearsanra

- Tuairisciú ar chur i gcrích cuspóirí foirne.
- Tuiscint ar thábhacht an phoist maidir le spriocanna na heagraíochta agus na hoifige a bhaint amach.
- Bheith iomlán rannpháirteach in san chórais feidhmíochta agus féinmheasúnú.

Cúraimí Cumarsáide

- Eolas a sholáthar go himmheánach ar scéimeanna agus tionscadail.
- Freastal ar chruinnithe ráithiúla den Choiste Comhairleach de réir mar is cuí.
- Freastal ar chruinnithe Rannóige/Stiúrthóireachta agus ar chruinnithe éagsúla d'fhoireann Fhoras na Gaeilge mar is cuí.
- Réimse leathan de theagmhálacha cuí maidir le cúrsaí Gaeilge agus Gàidhlig a choinneáil.

Eolas Eile

Tá Colmcille ina chomhpháirtíocht idir Foras na Gaeilge in Éirinn agus Bòrd na Gàidhlig in Albain. Cothaíonn sé caidreamh agus comhoibriú idir pobail teanga Ghaeilge na hAlban agus Ghaeilge na hÉireann. Oibríonn Colmcille trí scéimeanna deontais agus trí thionscadail a éascú agus a thionscnamh.

Misean Cholmcille

Na Gaeil a thabhairt le chéile.

Fís Cholmcille

Gaeil na hÉireann agus na hAlban ag úsáid, ag beathú, agus ag neartú a dteangacha i gcaidreamh agus i gcomhpháirt le chéile.



Aidhm Cholmcille

Cainteoirí Ghaeilge na hAlban agus na hÉireann a thabhairt le chéile:

- a) le heolas agus le aithne a chur ar a chéile, ar theangacha, ar chultúr agus ar dhúchas a chéile
- b) go dtabharfaidh siad éisteacht mhaith dá chéile agus go roinnfidh siad le chéile a gcuid traidisiún cultúrtha
- c) go roinnfidh siad eolas a ar a chéile agus comhoibriú le freastal ar riachtanais a chéile
- d) le feasacht a thógáil faoin chomhshaol nádúrtha, fhisiciúil agus chultúrtha ina maireann siad, agus sláinte agus folláine na dteangacha Gaelacha a chothú taobh istigh den chomhshaol sin.
- e) le comhoibriú le cainteoirí Ghaeilge na hAlban i gCeanada agus le cainteoirí Ghaeilge Oileán Mhanann.

Bíonn na téamaí straitéiseacha a leanas ag cur leis an mhóraidhm:

- Na hEalaíona
- An tAos Óg
- An Oidhreacht
- Foghlaim Ghaeilge na hAlban agus Ghaeilge na hÉireann
- Comhpháirtíocht agus Forbairt Pobail
- Taighde

***Tugtar an méid seo thuas mar threoir ghinearálta ar chúraimí agus fhreagrachtaí. Ní cur síos iomlán ar na tascanna uile é. D'fhéadfaí go mbeadh obair i/le aonad/rannóg eile i gceist amach anseo ag braith ar riachtanais na heagraíochta.***



**SONRAÍOCHT FAOIN PHEARSA**

**Critéir Riachtanacha**

- Ardchumas sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, idir scríofa agus labhartha, mar aon le tiomantas don teanga.
- Taithí ar chumarsáid éifeachtach a dhéanamh le daoine ag gach leibhéal.
- Ardscileanna cumarsáide, idir labhartha agus scríofa, mar aon le hardscileanna idirphearsanta.
- Taithí ar riarachán agus obair oifige (trí bliana inmhianaithe).
- Taithí ar thionscnaimh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus ar mhonatóireacht a dhéanamh orthu.
- Ábalta an féilire oibre a phleanáil agus a chur i gcrích as a stuaim féin.
- Ceadúnas tiomána reatha /teacht láithreach ar mhodh taistil.

**Critéir Inmhianaithe**

- Taithí ábhartha i gcur i bhfeidhm tionscadail teanga.
- Taithí ar thuairisciú airgeadais (m.sh. buiséadú, riar deontas srl).
- Eolas agus/nó taithí ar an cheangal idir Éire agus Alban.